15. Ceart na mban tí

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Is oibrí é Seán ag Údarás na Gaeltachta. ☐
2. Molann sé na mná tí go hard na spéire. ☐
3. Síleann sé nach gcuidíonn na mná tí le geilleagar na háite. ☐
4. Caitheann tuismitheoirí na scoláirí a lán airgid sa cheantar. ☐
5. Ceapann Seán go bhfuil breis airgid tuillte ag na mná tí. ☐
6. Molann sé an rialtas as an obair a dhéanann siad. ☐
7. Soláthraíonn bean tí, ar an mheán, bia agus leaba do scór scoláire. ☐
8. Faigheann na mná tí deontas cúig mhíle punt le cur lena dtithe. ☐
9. Saothraíonn siad céad punt an scoláire do gach cúrsa. ☐
10. Má fhágann scoláire cúrsa go luath, faigheann na mná tí iomlán an airgid. ☐

[10]

16. Gaelscoileanna gan aitheantas

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Beidh corradh le scór Gaelscoil gan aitheantas san fhómhar. ☐
2. Beidh ceithre Ghaelscoil nua ann ar a laghad sa Tuaisceart. ☐
3. Maoiníonn Gaeloiliúint na Gaelscoileanna gan aitheantas. ☐
4. Cosnaíonn sé dhá mhíle punt na scoileanna seo a mhaoiniú. ☐
5. Ní osclófar scoil ar bith nua i mBéal Feirste i mbliana. ☐
6. Is é Cathal Ó Donnghaile ceannasaí an eagrais Gaeloiliúint. ☐
7. Tá Cathal ina chónaí i Lóiste na Móna. ☐
8. Ní fhaigheann an t-eagras airgead ar bith ó thíortha iasachta. ☐
9. Deir Cathal go gcuidíonn an rialtas go mór leis an eagras. ☐
10. Tá ganntanas airgid ina fhadhb mhór ag an eagras. ☐

[10]

17. Ceist na teilifíse

(a) Éist leis an chomhrá agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tá Seán an-tugtha don teilifís. ☐
2. Is rud frithshóisialta í an teilifís, i mbarúil Sheáin. ☐
3. Deir Máire nach bhfuil maitheas ar bith sa teilifís. ☐
4. Síleann Máire go gcuidíonn an teilifís le cúrsaí oideachais. ☐
5. Aontaíonn Seán go huile is go hiomlán léi sa mhéid sin. ☐
6. Síleann Máire gur áis spreagúil í an teilifís. ☐
7. B'fhearr le Seán an teilifís ná leabhar. ☐
8. Tá Máire an-tugtha do na gallúntraithe. ☐
9. Níor bhain Seán tairbhe as an scannán a choimhéad sé. ☐
10. Tá Máire níos dearfaí faoin teilifís ná Seán. ☐

[10]

18. Suirbhé faoin teilifís

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tá ógánaigh an lae inniu an-tugtha don teilifís. ☐
2. Is léir ón taighde gur minic a amharcann daoine óga ar an teilifís. ☐
3. Téann an teilifís go mór i bhfeidhm ar dhaoine. ☐
4. Ní chreidtear cuntais na teilifíse. ☐
5. Níl dúil ag an aos óg sna scannáin uafáis. ☐
6. Áirítear cuid mhaith foréigin sna scannáin uafáis. ☐
7. Tá na tuismitheoirí gan mhilleán de réir údar an tsuirbhé. ☐
8. Tá seandaoine an-tugtha don teilifís. ☐
9. Níl dea-thorthaí ar bith ag baint leis an teilifís. ☐
10. Ní mholann údar an tsuirbhé na gallúntraithe don aos óg. ☐

[10]

19. Ólachán ar ollscoil

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tá feachtas margaíochta ar siúl sna scoileanna. ☐
2. Tá an feachtas á dhíriú ar mhic léinn. ☐
3. Laghdaítear praghas na dí do mhic léinn nua. ☐
4. Níl fógraíocht coiscthe in Ollscoil Chorcaí. ☐
5. Ólann nócha faoin chéad de na mic léinn nua alcól. ☐
6. Éiríonn cuid de na mic léinn as cúrsaí ollscoile de dheasca an óil. ☐
7. Ba mhaith le Gay Mitchell go gcuirfí reachtaíocht nua i bhfeidhm. ☐
8. Tugtar lacáistí do mhic léinn ar thoitíní fosta. ☐
9. Bíonn tábhairneoirí ag brath ar mhic léinn i rith na seachtaine. ☐
10. Braitheann tábhairneoirí ar mhic léinn ag deireadh na seachtaine amháin. ☐

[10]

20. Andúileach drugaí

(a) Éist leis an aoichainteoir agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Chuir an múinteoir Creidimh cuireadh ar Phól teacht chun na scoile. ☐
2. Níor ghlac sé druga ar bith le ceithre bliana anuas. ☐
3. Ní andúileach drugaí anois é. ☐
4. Ní thig nós na ndrugaí a bhriseadh ina iomláine choíche. ☐
5. Loiteann drugaí mídhleathacha saol an duine i mbarúil an chainteora. ☐
6. Chaith sé deoch mheisciúil sula raibh sé ocht mbliana déag d'aois. ☐
7. Níor chaith sé druga crua ar bith riamh. ☐
8. Rinne na drugaí a chaith sé dochar dá shláinte. ☐
9. Níor thug a fhostóir bata is bóthar dó. ☐
10. Tá coinne aige san Ionad Sláinte don lá dár gcionn. ☐

[10]

21. Cosc ar thobac

(a) Éist leis an díospóireacht agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Níl an cainteoir seo ag teacht leis an rún. ☐
2. Déanann toitíní dochar i mbarúil an chainteora. ☐
3. Síleann an cainteoir go gcruthaíonn an tobac galair. ☐
4. Deir sé nach ndéanann an tobac dochar mura gcaitheann tú féin. ☐
5. Is fuath leis an chainteoir boladh na dtoitíní. ☐
6. Níor chaith sé féin toitín riamh ina shaol. ☐
7. D'aontaigh sé le gach rud a dúirt an cainteoir a labhair roimhe. ☐
8. Síleann sé go bhfuil an lámh in uachtar ag na caiteoirí. ☐
9. Tá cothrom na féinne le fáil sna bialanna ina bharúil. ☐
10. Níl cosc iomlán ar thobac sa scoil s'acusan. ☐

[10]

22. Lucht ólta beorach

(a) Éist leis an tuairisc agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tá lucht ólta beorach na Baváire ar buile. ☐
2. Rinne daoine gearán faoin chlampar. ☐
3. Tugadh an cás chun na cúirte. ☐
4. Druidfear na deochlanna uile sa cheantar ar 9.30. ☐
5. Tá na fámairí ar nós cuma liom faoin chinneadh. ☐
6. Eagraíodh agóidí in éadan na rialach úire. ☐
7. Níl an Méara ag teacht le lucht an óil. ☐
8. Aontaíonn na polaiteoirí leis an riail nua seo. ☐
9. Tá praghas na dí an-íseal sa cheantar. ☐
10. Is féidir go mbeidh tionscal na turasóireachta thíos leis. ☐

[10]